Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15610/25
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0294(NLE)**

ACP 120
WTO 115
COAFR 325
RELEX 1519

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó CHOMHAIRLE CCE ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/… Ó CHOMHAIRLE CCE**
**ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE**
**IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT,**
**AGUS POBLACHT NA CÉINIA,**
**COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE**

**an …**

**maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE**

TÁ COMHAIRLE CCE,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), bunaíodh Coiste Comhairleach CCE agus é de chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin gComhaontú.

(2) Foráiltear le hAirteagal 108(2) den Chomhaontú ‘cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d’fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú’.

(3) Agus an Moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE á chur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Áireofar ar Choiste Comhairleach CCE ('an Coiste') ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta arna roghnú ag Comhairle CCE i gcomhréir le hAirteagal 2.

*Airteagal 2*

1. Áireofar ar an gCoiste comhaltaí de na Grúpaí Comhairleacha Baile arna mbunú ag gach ceann de na Páirtithe sa Chomhaontú.

2. Molfaidh gach Páirtí ionadaithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun ionadaíocht leordhóthanach agus chothrom na nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach a áirithiú.

3. I gcomhréir le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn V den Chomhaontú, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar an méid seo a leanas: eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha; eagraíochtaí gnó agus fostóirí mar aon le ceardchumainn, atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí forbartha inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí eile.

4. Feidhmeoidh ionadaithe roghnaithe ar feadh thréimhse a mballraíochta sa Ghrúpa Comhairleach Baile faoi seach. Áiritheofar saineolas ábhartha agus ionadaíocht leathan ón earnáil.

5. Chun críoch an Chinnidh seo, áirítear le 'eagraíochtaí na sochaí sibhialta' institiúidí, comhlachais, fondúireachtaí, grúpaí abhcóideachta agus eintitis eile de chineál neamhrialtasach a bhfuil aidhm neamhbhrabúsach acu agus atá in ann comhairle a thabhairt nó faisnéis speisialaithe a sholáthar maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú, chomh maith le hionadaithe ón bpobal acadúil.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh Comhairle CCE dhá liosta na mbuanchomhaltaí, ceann amháin arna moladh ag Poblacht na Céinia agus an ceann eile ag an Aontas Eorpach, a phlé agus a fhormheas go gasta.

2. Féadfaidh Comhairle CCE dhá liosta chomhaltaí an Choiste a mhodhnú nó a chomhdhlúthú nuair is gá.

3. Ní chuirfidh aon fholúntas i gcomhaltas an Choiste comhdhéanamh an Choiste ó bhailíocht ná ní dhéanfaidh sé dochar do cheart na gcomhaltaí eile gníomhú.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann Chomhairle CCE*
*Na Comhchathaoirligh*